

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae na Mí ar www.duchas.ie anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae na Mí a léamh ar www.duchas.ie anois.

Ábhar béaloidis a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar béaloidis as Bailiúchán na Scol á fhoilsiú ar [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó na contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim, Cill Dara, Ciarraí, Sligeach, Luimneach, Muineachán, Laois, Cill Chainnigh, Lú, Tiobraid Árann, an Cabhán agus an Longfort ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí i mbliana.

Ghlac beagnach 120 scoil páirt sa scém i gContae an na Mí agus tiomsaíodh 37 n-imleabhar d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Seán Kyne, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá [duchas.ie](http://www.duchas.ie) á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair [duchas.ie](http://www.duchas.ie) maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

clare.coughlan@dcu.ie

(01) 700 6577



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d'eagarthóirí:**Ábhar Chontae na Mí**

Tá an-chuid scéalta spéisiúla as Contae na Mí i mBailiúchán na Scol. Dar ndóigh, tá baint mhór ag an Mí leis an ríochas. Lárionad na tíre a bhí inti, áit a mbíodh Ard-Rí na hÉireann lonnaithe fadó i [dTeamhair](#). Tá an Bhóinn an-lárnach ó thaobh stair na Mí de, áit ar tharla ceann de na heachtraí ba chinniúnai i stair Éirinn, Cath na Bóinne. Tá neart iontrálacha againn idir [bhéaloideas](#), [amhráin](#) agus [stair](#) faoin abhainn cháiliúil sin.

Tá mórchuid caisleán tábhachtach sa Chontae Ríoga. Is é Caisleán Bhaile Átha Troim an caisleán Normannach is mó in Éirinn. Tá an-tarraingt ag turasóirí ar an gcaisleán na laethanta seo. Is féidir léamh [anseo](#) faoin tollán idir An Baile Nua i mBaile Átha Troim agus Baile Íomhair.

Tá seanchas ar leith ag baint le Caisleán Bhaile Mhic Gormáin. Deirtear go dtagann sionnaigh chuig an gcaisleán nuair a fhaigheann duine bás. Tá ceithre scéal bunaithe ar an bhfinscéal seo: [Lord Gormanstown and the Fox](#), [Gormanstown Castle](#), [A Legend about Gormanstown Castle](#) agus [The Foxes and the Gormanstown Family](#) agus gach ceann acu beagán éagsúil óna chéile.

Dar le scéal a scríobhadh i gClochar na Trócaire san Uaimh, tá [finscéal](#) ag baint leis an gcaisleán i nDún Samhnaí. Sa lá atá inniu ann tá clú agus cáil ar Chaisleán Bhaile Shláine go hidirnáisiúnta mar láthair do cheolchoirmeacha. Tá cur síos sa bhailiúchán ar [stair an Chaisleán Bhaile Shláine](#), áit a bhfuil clú agus cáil uirthi mar láthair do cheolchoirmeacha sa lá atá inniu ann.

Maidir le 1916, tá dhá scéal ann a bhaineann le heachtraí Éirí Amach na Cásca i gcontae na Mí – [1916](#) agus [James Fox a Boy Hero in 1916](#). Tá cur síos ar Éirí Amach 1798 chomh maith, féach na scéalta seo as [Dún Búinne](#), [Cill Bhríde](#) agus [An Uaimh](#).